BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Airteagal 102 CFAE – Mí-úsáid ceannasachta – Eagraíocht chomhbhainistíochta le haghaidh cóipchirt – Táillí as ceadúnas a dheonú chun saothair atá faoi chosaint cóipchirt a chur ar fáil – Bunaíochtaí óstáin – Modh ríofa – Mainneachtain ráta áitíochta na seomraí a chur san áireamh – Praghsanna éagóracha)

I gCás C-161/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Krajský soud v Brně (Cúirt Réigiúnach Brno, Poblacht na Seice), trí bhreith an 29 Feabhra 2024, a fuarthas ag an gCúirt an lá céanna, sna himeachtaí idir

OSA, **z.s.**, ar a dtugtaí OSA roimhe seo – Ochranný svaz autorský pro práva k dílům hudebním, z.s.,

v

Úřad pro ochranu hospodářské soutěže,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu Matei (Rapóirtéir), S. Rodin, N. Piçarra agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: I. Illéssy, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 13 Márta 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– OSA, z.s., ag V. Bernard, R. Neruda agus L. Štiková Gachová, advokáti,

– Úřad pro ochranu hospodářské soutěže, ag A. Drbal, H. Malíková agus P. Mlsna,

– Rialtas na Spáinne, ag M. Morales Puerta, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus T. Lechevallier, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an tSeicis.

– an Coimisiún Eorpach, ag E. Arsenidou, B. Ernst, M. Monfort agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meitheamh 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 102 CFAE.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir OSA, z.s., ar a dtugtaí OSA roimhe seo – Ochranný svaz autorský pro práva k dílům hudebním z.s. (‘OSA’), ar eagraíocht chomhbhainistíochta cóipchirt í (‘eagraíocht chomhbhainistíochta’) faoi dhlí na Seice, agus Úřad pro ochranu hospodářské soutěže (an Oifig um Chosaint Iomaíochta, Poblacht na Seice) (‘údarás iomaíochta na Seice’) maidir le cinneadh lenar ghearr an t-údarás sin pionós ar OSA as sárú ar Airteagal 102 CFAE.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 102 CFAE:

‘Déanfar aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de a thoirmeasc mar ní nach luíonn leis an margadh inmheánach sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar thrádáil idir Ballstáit.

D’fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin:

(a) praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

[…]’

4 Foráiltear le hAirteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10), dar teideal ‘An ceart chun saothair a chur in iúl don phobal agus an ceart chun ábhar eile a chur ar fáil don phobal’:

‘Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an gceart eisiach ag na húdair aon chur i láthair dá saothair don phobal, trí mheán sreinge nó gan sreang, lena n-áirítear a saothair a chur ar fáil don phobal ar bhealach trína bhféadfadh duine den phobal rochtain a fháil orthu ón áit agus ag an am dá rogha féin, a údarú nó a thoirmeasc.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí Phoblacht na Seice

5 Foráiltear le § 23 de zákon č. 121/2000 Sb., o právu autorském, o právech souvisejících s právem autorským a o změně některých zákonů (autorský zákon) (Dlí Uimh. 121/2000 maidir le cóipcheart, cearta gaolmhara agus lena leasaítear dlíthe áirithe (Dlí maidir le cóipcheart), sa leagan a bhí i bhfeidhm go dtí an 6 Samhain 2014, ráthaigh sé d'údair an ceart chun ríchíosa i gcomaoin úsáid a saothar a chuirtear ar fáil do dhaoine atá lonnaithe i seomraí príobháideacha trí theilifís nó raidió.

6 Foráiltear mar seo a leanas le § 11 de zákon č. 143/2001 Sb., o ochraně hospodářské soutěže (Dlí Uimh. 143/2001 maidir le hiomaíocht a chosaint) an 4 Aibreán 2001, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Toirmiscfear mí-úsáid ceannasachta chun dochair iomaitheoirí nó tomhaltóirí eile. Ciallaíonn "mí-úsáid ceannasachta" go háirithe

(a) coinníollacha míchóra a fhorchur go díreach nó go hindíreach i gconarthaí le rannpháirtithe eile sa mhargadh, lena n-áirítear go háirithe forchur seirbhíse atá díréireach go follasach, tráth thabhairt i gcrích an chonartha, leis an gcomaoin arna soláthar

[…]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

7 Is léir ón ordú tarchuir go bhfuil OSA ar cheann de na sé eagraíocht chomhbhainistíochta i bPoblacht na Seice agus go bhfuil ceannasacht aige ar an margadh ábhartha.

8 I gcinneadh dar dáta an 18 Nollaig 2019, fuair údarás iomaíochta na Seice, idir an 19 Bealtaine 2008 agus an 6 Samhain 2014, gur chuir OSA iarratas isteach chuig soláthraithe seirbhísí lóistín óstáin a bhí ag feidhmiú i bPoblacht na Seice, le haghaidh úsáid saothar atá faoi chosaint cóipchirt trí mheán glacadóirí teilifíse agus raidió, ar ríchíosanna a ríomhadh gan ráta áitíochta na n-óstán lena mbaineann a chur san áireamh, agus gan údar oibiachtúil. De réir an chinnidh seo, bhí OSA tar éis íocaíocht ríchíosanna a éileamh as seomraí neamháitithe nach mbeadh aon úsáid déanta as na saothair sin iontu.

9 Bhí údarás iomaíochta Phoblacht na Seice den tuairim, leis an gcleachtas sin, gur fhorchuir OSA coinníollacha éagóracha trádála ar an margadh náisiúnta chun úsáid saothar cóipchirt a cheadúnú. Mheas an t-údarás sin gurbh ionann an cleachtas sin agus mí-úsáid ceannasachta a thoirmisctear le hAirteagal 102 CFAE agus le forálacha comhfhreagracha dhlí iomaíochta na Seice. Dá bhrí sin, d'ordaigh sé do OSA fíneáil 10 676 000 koruna na Seice (CZK) (thart ar EUR 429 000) a íoc agus chuir sé cosc ar OSA an cleachtas céanna a úsáid.

10 Rinne OSA gearán i gcoinne an chinnidh sin, ar dhiúltaigh Uachtarán Údarás Iomaíochta na Seice dó le cinneadh an 23 Samhain 2020.

11 Thug OSA caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair Krajský soud v Brně (an Chúirt Réigiúnach, Brno, Poblacht na Seice), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

12 De réir na cúirte sin, tá comhthuiscint idir na páirtithe sna príomhimeachtaí go bhfuil ‘monaplacht *de facto*’ ag OSA, i bPoblacht na Seice, i réimse na comhbhainistíochta cóipchirt agus, le linn na tréimhse ón 19 Bealtaine 2008 go dtí an 6 Samhain 2014, gur chuir OSA sonrasc chuig óstáin le haghaidh táillí mar mhalairt ar shaothair chosanta a chraoladh trí ghlacadóirí teilifíse agus raidió atá suiteáilte ina seomraí, bíodh na seomraí sin áitithe nó ná bíodh. Os a choinne sin, ní aontaíonn na páirtithe sin le léiriú chásdlí na Cúirte maidir leis an gcoincheap ‘mí-úsáid ceannasachta’ agus maidir lena chur i bhfeidhm sna príomhimeachtaí.

13 De réir OSA, ba cheart d’údarás iomaíochta na Seice scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí a chleachtas praghsála a mheas mar chleachtas praghsála mí-úsáideach i bhfianaise na gcritéar a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach i mbreithiúnas an 14 Feabhra 1978, *United Brands agus United Brands Continentaal* v *an Coimisiún* (27/76, EU:C:1978:22), a cuireadh i bhfeidhm i gcomhthéacs áirithe eagraíochtaí comhbhainistíochta i mbreithiúnais an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunicēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība* (C-177/16, EU:C:2017:689), agus an 25 Samhain 2020, *SABAM* (C-372/19, ‘an breithiúnas in *SABAM*’, EU:C:2020:959).

14 Measann an chúirt a rinne an tarchur, áfach, nár rialaigh an Chúirt go fóill ar an gceist an bhféadfadh sé gurb ionann mainneachtain ráta áitíochta na seomraí óstáin a chur san áireamh, agus táillí cóipchirt á ríomh, agus mí-úsáid ceannasachta de réir bhrí Airteagal 102 CFAE.

15 Ar an gcéad dul síos, cuireann an chúirt sin in iúl gur faoin gcúirt sin a bheidh sé scrúdú a dhéanamh ar argóintí OSA nach féidir an díospóid a réiteach go simplí trí na prionsabail a leagtar síos sa bhreithiúnas in *SABAM* a chur i bhfeidhm. D’áitigh OSA gur bhain an breithiúnas sin le ríchíosanna atá dlite faoi chóipcheart a íoc le haghaidh saothair nár úsáideadh, cé gur cuireadh ar fáil iad, i gcomhthéacs féile cheoil. De réir OSA, cé go bhfuil an ceanglas táillí a íoc míréasúnta i gcomhthéacs den sórt sin, tá an ceanglas maidir le táille bhliantúil a íoc fós réasúnta chun oibreacha a chur ar fáil i seomraí óstáin, gan beann ar ráta áitíochta an óstáin sin, cé is moite de sheomraí a bhí fós gan áitiú i rith na bliana.

16 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach ndealraíonn sé gur leagadh síos i gcásdlí na Cúirte critéir shonracha chun a chinneadh an gá a mheas, i bhfianaise Airteagal 102 CFAE, go dtagann an mhainneachtain ráta áitíochta na seomraí óstáin a chur san áireamh agus an táille chóipchirt á ríomh, faoi raon feidhme cleachtais praghsála iomarcaí, mar a áitíonn OSA, nó faoi raon feidhme cleachtais lena bhforchuirtear ‘coinníollacha éagóracha trádála’, de réir bhrí na forála sin, mar a áitíonn údarás iomaíochta Phoblacht na Seice.

17 Sa dara cás sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go mbeadh sé fós riachtanach na critéir a chinneadh chun a shuí go bhfuil coinníoll trádála éagórach. I ndáil leis sin, measann OSA nach mór trí chritéar charnacha a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, ba cheart nach mbeadh baint ag an gcoinníoll sin le cuspóir an chonartha nó nach mbeadh gá leis chun éifeacht bheartaithe an chonartha a bhaint amach. Ar an dara dul síos, ba cheart go ndéanfadh an coinníoll sin dochar don pháirtí eile sa chonradh. Ar an tríú dul síos, níor cheart an coinníoll céanna a bheith iomchuí ná cothrom. Cuireann údarás iomaíochta Phoblacht na Seice ina choinne sin nár chuir an Coimisiún Eorpach ná Cúirteanna an Aontais Eorpaigh na critéir sin i bhfeidhm agus gur leor, sa chás seo, a fháil amach an raibh údar leis an gcoinníoll socraíochta arna fhorchur ag OSA agus an raibh sé comhréireach.

18 Ar an gcaoi chéanna, de réir na cúirte a rinne an tarchur, dá nglacfaí leis an gcéad chás dá dtagraítear i mír 16 den bhreithiúnas seo, bheadh sé fós riachtanach a chinneadh an bhféadfaí a mheas go bhfuil cleachtas praghsála OSA contrártha d’Airteagal 102 CFAE a mhéid a

fhorchuirtear praghsanna iomarcacha leis. Fágann léiriú na Cúirte gur féidir a shoiléiriú an féidir, agus conas is féidir, na critéir a eascraíonn as breithiúnas an 14 Feabhra 1978, *United Brands agus United Brands Continentaal* v *an Coimisiún* (27/76, EU:C:1978:22), a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an cháis os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

19 Ar an tríú dul síos, measann an chúirt sin, chun a fháil amach an ann do na heilimintí a chomhdhéanann an sárú dá dtagraítear in Airteagal 102 CFAE, gur gá an cheist a réiteach an raibh ar údarás iomaíochta Phoblacht na Seice a léiriú go raibh éifeacht fhrithiomaíoch ag an gcleachtas praghsála atá i gceist nó an bhféadfadh an t-údarás sin brath ar riosca saofa iomaíochta amháin.

20 Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, chun sárú ar Airteagal 102 CFAE a chinneadh, an gá a léiriú go ndearna cleachtas praghsála OSA difear suntasach do thrádáil idir na Ballstáit nó an leor a léiriú go raibh éifeacht den sórt sin measartha intuartha.

21 Sna himthosca sin, chinn Krajský soud v Brně (an Chúirt Réigiúnach, Brno) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An bhféadfaí léiriú a dhéanamh ar Airteagal 102(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh sa chaoi gur mí-úsáid ceannasachta de réir bhrí an Airteagail sin atá i gcleachtas cumainn bailithe dleachtanna a bhfuil monaplacht *de facto* aige i mBallstát ar dá réir a ghearrann sé praghsanna ar oibreoirí saoráidí lóistín as ceadúnas a sholáthar chun saothair atá faoi chóipcheart a chur ar fáil trí ghlacadóirí teilifíse agus raidió atá lonnaithe i seomraí a bheartaítear chun lóistín a thabhairt d’aíonna, gan beann ar áitíocht iarbhír na seomraí ar leith?

2) Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist, cé acu cur i bhfeidhm (a) dálaí mí-chóra trádála nó (b) praghsanna iomarcacha a bhfuil measúnú le déanamh ar a leithéid de chleachtas dá réir?
[a)] Más cur i bhfeidhm dálaí mí-chóra trádála atá ceart, cad í an tástáil shonrach atá le cur i bhfeidhm le measúnú a dhéanamh air?
[b)] Más cur i bhfeidhm praghsanna iomarcacha atá ceart, cad í an tástáil shonrach atá le cur i bhfeidhm gnáth-thástáil ‘United Brands’ nó leagan modhnaithe áirithe de?

3) Agus sárú á chruthú ar Airteagal 102(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcleachtas dá dtagraítear sa chéad cheist, an gá droch-éifeachtaí iarbhír nó féideartha ar iomaíocht a chruthú (lena n-áirítear éifeachtaí ar leas na dtomhaltóirí agus éifeachtaí dúshaothraithe chleachtas an ghnóthais cheannasaigh)?

4) Agus sárú á chruthú ar Airteagal 102(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcleachtas dá dtagraítear sa chéad cheist, an gá a chruthú go bhfuil éifeacht shuntasach ag an gcleachtas ar thrádáil idir Ballstáit, nó an leor go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil lena leithéid d’éifeacht a bheith ann gan gá le scrúdú a dhéanamh ar a méid iarbhír?’

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist agus an dara ceist

22 Leis an gcéad dá cheist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi gurb ionann an fíoras nach gcuireann eagraíocht chomhbhainistíochta ráta áitíochta na n-óstán san áireamh chun na táillí is iníoctha a ríomh mar mhalairt ar cheadúnas a dheonú do na bunaíochtaí sin chun saothair atá faoi chosaint cóipchirt a chur ar fáil agus mí-úsáid ceannasachta arb é atá ann praghsáil éagórach nó coinníollacha trádála eile.

23 Ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go bhfuil ceart coisctheach ag údair, faoi Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29, lena gceadaítear dóibh idirghabháil a dhéanamh idir aon úsáideoir dá gcuid oibre agus an chumarsáid leis an bpobal a d'fhéadfadh na húsáideoirí sin a bheartú, chun cumarsáid den sórt sin a thoirmeasc (breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *GEMA*, C-135/23, EU:C:2024:526, mír 17 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Maidir le hóstáin, tá sé ráite ag an gCúirt gurb ionann soláthar teilifíseán nó raidió atá in ann comharthaí a fháil agus, dá bhrí sin, saothair chosanta a chraoladh i seomraí na n-óstán sin agus cumarsáid leis an bpobal de réir bhrí Airteagal 3(1), lena gcuirtear ar chumas custaiméirí rochtain a fháil ar shaothair den sórt sin, gan beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann siad úsáid as an bhféidearthacht sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Nollaig 2006, *SGAE*, C-306/05, EU:C:2006:764, mír 43, agus an 20 Meitheamh 2024, *GEMA*, C-135/23, EU:C:2024:526, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go leanann custaiméirí bunaíochta den sórt sin a chéile go tapa de ghnáth agus, go ginearálta, go bhfuil líon measartha mór daoine i gceist, agus mar thoradh air sin nach mór na daoine sin a mheas mar phobal (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Nollaig 2006, *SGAE*, C-306/05, EU:C:2006:764, mír 38).

26 Ina theannta sin, ní mór idirghabháil óstáin lena dtugtar rochtain ar na saothair chraolta dá chustaiméirí a mheas mar sheirbhís bhreise a sholáthraítear chun tairbhe áirithe a fháil, ós rud é go bhfuil tionchar ag tairiscint na seirbhíse sin ar sheasamh an óstáin agus, dá bhrí sin, ar phraghas na seomraí (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Nollaig 2006, *SGAE*, C-306/05, EU:C:2006:764, mír 44).

27 Ina dhiaidh sin, ní mór a mheabhrú nach mór eagraíocht chomhbhainistíochta a bhfuil monaplacht aici, ar chríoch Bhallstáit, ar bhainistiú cóipchirt a bhaineann le catagóir saothar cosanta agus a chuireann na saothair sin ar fáil, mar mhalairt ar ríchíosanna a íoc, d'oibreoirí eacnamaíocha ionas gur féidir leo iad a chur in iúl don phobal, a mheas mar ghnóthas a bhfuil ceannasacht aige i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach, de réir bhrí Airteagal 102 CFAE (féach, chuige sin, an breithiúnas in *SABAM*, míreanna 26 agus 27 agus an cásdlí dá dtagraítear). Sa chás seo, mar a luaitear i mír 7 den bhreithiúnas seo, níl aon díospóid ann go bhfuil ceannasacht den sórt sin ag OSA.

28 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, i gcás ina mbaineann éagóir líomhnaithe iompar eagraíochta comhbhainistíochta den sórt sin le leibhéal na ríchíosanna sin, eadhon an praghas a ghearrtar mar sin, agus ní le coinníollacha eile a bhaineann leis an gcur ar fáil sin, nach mór measúnú a dhéanamh ar an bpraghsáil sin i bhfianaise na gcritéar a bhaineann le praghsanna iomarcacha.

29 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh iompar den sórt sin a bheith ina mhí-úsáid a thoirmisctear le hAirteagal 102 CFAE más rud é, agus leibhéal na dtáillí sin á shocrú aige, go ngearrann an comhlacht sin praghas iomarcach nach bhfuil aon ghaol réasúnach aige le luach eacnamaíoch a sholáthairseirbhísí. Ní mór measúnú a dhéanamh an bhféadfadh na táillí a bheith iomarcach i bhfianaise imthosca uile an cháis (féach, chuige sin, an breithiúnas in *SABAM*, míreanna 28 agus 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 I ndáil leis sin, is gá a chur san áireamh ní hamháin luach eacnamaíoch na seirbhíse comhbhainistíochta a ghlactar mar sin, ach freisin cineál agus méid úsáid na n-oibreacha, chomh maith leis an luach eacnamaíoch a ghintear leis an úsáid sin (féach, chuige sin, an breithiúnas in *SABAM*, mír 30).

31 Cé, mar a tugadh faoi deara i mír 24 den bhreithiúnas seo, gurb ionann comharthaí agus gairis raidió nó teilifíse a sholáthar i seomraí óstáin agus cumarsáid don phobal, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29, gan é a bheith ábhartha cibé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn an pobal sin, atá comhdhéanta de chustaiméirí atá i láthair sa bhunaíocht sin, rochtain a fháil ar na saothair a chuirtear ar fáil ar an gcaoi sin, ní mór a mheas, ar an taobh eile, maidir le hAirteagal 102 CFAE, gur toisc ábhartha é líon na ndaoine a chuimsíonn an pobal sin chun meastachán a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar mhéid úsáid fhéideartha na saothar atá faoi chosaint cóipchirt agus, ar an dara dul síos, ar an tairbhe, dá dtagraítear i mír 26 den bhreithiúnas seo, gur dócha go n-eascróidh an t-óstán as an gceadúnas a fhaigheann sé ón eagraíocht chomhbhainistíochta. Dá bhrí sin, is imthoisc é ráta áitíochta na n-óstán nach mór a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh, agus samhail staidrimh á húsáid nó ar bhonn critéir eile, ar choinníoll go bhfuil na critéir sin oibiachtúil, cobhsaí, inrochtana go héasca agus inrialaithe, ar mhéid úsáid na n-oibreacha agus ar an luach eacnamaíoch a léirítear lena n-úsáid agus, dá bhrí sin, chun a chinneadh an bhfuil na ríchíosanna a éilítear chun ceadúnais a dheonú lena gcumasaítear na hoibreacha a chur in iúl don phobal 'éagórach', de réir bhrí phointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE.

32 I ndáil leis sin, níl aon rud le tabhairt le fios, i gcásanna a bhaineann le hóstáin, nach mór anailís a dhéanamh ar an gcásdlí dá dtagraítear agus a shoiléirigh an Chúirt i míreanna 30 agus 41 den bhreithiúnas in *SABAM*, ar dá réir nach mór anailís a dhéanamh ar an gcomaoin is iníoctha as saothair chosanta a chur in iúl don phobal, arb ionann í agus an táille arna socrú ag an eagraíocht chomhbhainistíochta, i bhfianaise chineál agus mhéid úsáid na n-oibreacha sin, chomh maith le luach úsáid na n-oibreacha sin i malartuithe eacnamaíocha, a bhraitheann, *inter alia*, ar líon iarbhír na ndaoine a bhfuil na saothair chéanna acu.

33 Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis, i bprionsabal, go ngearrann eagraíocht chomhbhainistíochta táillí ar bhunaíochtaí óstáin nach gcuirtear san áireamh iontu nach bhfuil rochtain ag custaiméirí ar chuid shuntasach dá seomraí, mar gheall, mar shampla, ar laghdú séasúrach ar a gníomhaíocht, dúnadh páirteach le haghaidh athchóirithe nó staid eisceachtúil amhail géarchéim sláinte.

34 Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart a chur san áireamh sa táille a ghearrann an comhlacht sin, cé go bhféadfadh sé a bheith bunaithe ar rátaí comhréidhe, ar a laghad, meastachán ar chainníocht na saothar atá faoi chosaint cóipchirt a úsáidtear iarbhír (féach, chuige sin, an breithiúnas in *SABAM*, mír 50).

35 Is trí imthosca uile an cháis a chur san áireamh, lena n-áirítear infhaighteacht agus iontaofacht na sonraí a bhaineann le ráta áitíochta na n-óstán, chomh maith leis na huirlisí teicneolaíochta atá ann cheana (féach, chuige sin, an breithiúnas in *SABAM*, mír 55), gur faoin gcúirt a rinne an

tarchur atá sé a mheas an raibh OSA in ann, gan é a bheith mar thoradh air sin, méadú díréireach ar na costais a thabhaigh sí chun na conarthaí a bhainistiú a chuireann ceangal uirthi d'úsáideoirí na saothar cosanta agus faireachán a dhéanamh ar úsáid na saothar atá faoi chosaint ag cóipcheart, ráta áitíochta intuartha na n-óstán a chur san áireamh, agus na ríchíosanna á dtarraingt suas.

36 Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh nach mór an modh chun táillí arna gcur i bhfeidhm ag OSA a ríomh, gan ráta áitíochta na n-óstán a chur san áireamh, a aicmiú mar mhodh 'mí-úsáideach' de réir bhrí Airteagal 102 CFAE. Dá bhféadfaí modh chun ríchíosanna a ríomh lena gcuirfí an ráta áitíochta sin san áireamh a úsáid ar chostas réasúnta agus dá mbeadh laghdú substaintiúil ar mhéid na ríchíosanna i gceist leis, d'fhéadfaí a mheas go mbeadh praghsanna éagóracha mar thoradh ar úsáid an mhodha reatha chun ríchíosanna a ríomh, de réir bhrí phointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE.

37 Tá an chonclúid thuas gan dochar don oibleagáid atá ar an gcúirt a rinne an tarchur aon tosca eile a chur san áireamh atá ábhartha freisin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal na ríchíosanna cothrom. D'fhéadfadh fachtóirí den sórt sin fianaise ar mhí-úsáid ceannasachta a chomhthacú nó a chur ó bhail, ar mí-úsáid í a d'fhéadfadh, de réir mar a bheidh, a bheith mar thoradh ar mhainneachtain ráta áitíochta na n-óstán a chur san áireamh.

38 Dá bhrí sin, leanann sé ó chásdlí socair, i gcás ina socraíonn eagraíocht chomhbhainistíochta leibhéal ríchíosanna atá i bhfad níos airde ná na cinn a ghearrtar i mBallstáit eile, ar choinníoll go ndearnadh an chomparáid idir leibhéil na dtaraifí ar bhonn aonchineálach, nach mór an difríocht sin a mheas mar léiriú ar mhí-úsáid ceannasachta. I ndáil leis sin, is iomchuí a tharaifí a chur i gcomparáid leo siúd is infheidhme i Stáit chomharsanachta agus leo siúd is infheidhme i mBallstáit eile, arna gceartú trí bhíthin an innéacs lena léirítear paireacht cumhachta ceannaigh, ar choinníoll gur roghnaíodh na Stáit tagartha i gcomhréir le critéir oibiachtúla, iomchuí agus infhíoraithe agus go bhfuil an bunús leis na comparáidí a dhéantar aonchineálach (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunicēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība*, C-177/16, EU:C:2017:689, míreanna 38 agus 51).

39 Ar deireadh, maidir leis an gceist an gá a fhíorú, mar a áitíonn OSA, an bhfuil na praghsanna a ghearrann eagraíocht chomhbhainistíochta iomarcach, an bhfuil neamhréir iomarcach idir na costais a íocann an eagraíocht sin iarbhír agus na praghsanna a ghearrtar, is leor a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, nach bhfuil sé éigeantach dul i muinín na comparáide sin idir praghsanna agus costais i gcomhthéacs an mheasúnaithe sin, ós rud é go bhfágann modhanna eile gur féidir a chinneadh an bhfuil na praghsanna a ghearrtar iomarcach (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunicēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība*, C-177/16, EU:C:2017:689, míreanna 36 agus 37, agus in *SABAM*, mír 31).

40 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcéad dá cheist nach mór pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an fíoras nach gcuireann eagraíocht chomhbhainistíochta ráta áitíochta na n-óstán san áireamh chun na táillí is iníoctha a ríomh mar mhalairt ar cheadúnas a dheonú do na hóstáin sin chun saothair atá faoi chosaint cóipchirt a chur ar fáil, ag brath ar na himthosca ábhartha go léir, cur le cinneadh go bhfuil mí-úsáid á baint as ceannasacht arb é atá inti praghsanna éagóracha a chur i bhfeidhm, faoi réir a fháil amach an bhfuil leibhéal na dtáillí sin iomarcach i ndáil le cineál agus scála úsáide na n-oibreacha, agus leis an luach eacnamaíoch a ghintear leis an úsáid sin.

An tríú ceist

41 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gceanglaítear le cinneadh maidir le mí-úsáid ceannasachta ar údarás iomaíochta a shuíomh go bhfuil fíorthionchar ag an gcleachtas atá i gceist ar an iomaíocht, go háirithe ar leas tomhaltóirí.

42 Is cásdlí socair é go bhfuil sé beartaithe le hAirteagal 102 CFAE pionós a ghearradh ní hamháin ar chleachtais a d'fhéadfadh dochar díreach a dhéanamh do thomhaltóirí, ach freisin ar chleachtais a dhéanann dochar indíreach dóibh trí dhifear a dhéanamh do struchtúr éifeachtach iomaíochta (breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Dá réir sin, comhlíonann údarás iomaíochta an dualgas cruthúnais atá air má léiríonn sé go bhféadfadh cleachtas gnóthais ag a bhfuil ceannasacht, trí leas a bhaint as acmhainní nó modhanna seachas iad siúd lena rialaítear gnáthiomaíocht, éifeacht dhíobhálach a bheith aige ar struchtúr éifeachtach iomaíochta, gan é a bheith riachtanach don údarás sin a léiriú go bhféadfadh an cleachtas sin, ina theannta sin, díobháil dhíreach a dhéanamh do thomhaltóirí. Mar sin féin, féadfaidh an gnóthas ceannasach lena mbaineann éalú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 102 CFAE trína léiriú go ndéantar an éifeacht dhíobhálach ar struchtúr éifeachtach iomaíochta a d'fhéadfadh eascairt as an gcleachtas atá i gceist a fhrithchothromú, nó fiú a shárú, le héifeachtaí dearfacha do thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile*, C-377/20, EU:C:2022:379, mír 47, agus an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 202).

44 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhfuil bunús leordhóthanach le cinneadh go bhfuil mí-úsáid ceannasachta ann i gcás ina suitear go bhféadfadh an cleachtas atá i gceist an bonn a bhaint de struchtúr éifeachtach iomaíochta, gan é a bheith riachtanach a léiriú go bhféadfadh an cleachtas sin, ina theannta sin, dochar díreach a dhéanamh do thomhaltóirí.

An ceathrú ceist

45 Lena ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar údarás iomaíochta a léiriú go ndéanann cleachtas mí-úsáideach difear suntasach don trádáil idir na Ballstáit.

46 I ndáil leis sin, leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte nach mór do léiriú agus do chur i bhfeidhm an choinníll a bhaineann le héifeachtaí ar thrádáil idir na Ballstáit, a leagtar amach in Airteagail 101 agus 102 CFAE, cuspóir an choinníll sin a ghlacadh mar thúsphointe, is é sin, in ábhair a bhaineann le rialáil iomaíochta, raon feidhme dhlí an Aontais i gcomparáid le raon feidhme dhlí na mBallstát a chinneadh. Dá bhrí sin, tagann aon chomhaontú nó cleachtas a d'fhéadfadh an tsaoirse trádála idir na Ballstáit a chur i mbaol ar bhealach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhaint amach cuspóirí margaidh aonair idir na Ballstáit, go háirithe trí mhargaí náisiúnta a dheighilt nó trí struchtúr na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach a athrú, faoi raon feidhme dhlí an Aontais (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunicēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība*, C-177/16, EU:C:2017:689, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Ionas go bhféadfadh comhaontú, cinneadh nó cleachtas difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, ní mór a bheith in ann foráil a dhéanamh le leibhéal leordhóthanach dóchúlachta ar bhonn tacar tosca fíorais agus dlí go bhféadfadh tionchar iarbhír nó féideartha a bheith acu, go díreach nó go hindíreach, ar phatrún na trádála idir na Ballstáit ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ina chúis imní go bhféadfaidís bac a chur ar mhargadh aonair a bhaint amach idir na Ballstáit. Thairis sin, níor cheart an tionchar sin a bheith neamhshuntasach (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunicēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība*, C-177/16, EU:C:2017:689, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 D'aithin an Chúirt cheana féin go bhféadfadh tionchar a bheith ag na taraifí a ghearrann eagraíocht chomhbhainistíochta a bhfuil monaplacht aici ar thrádáil trasteorann, agus mar thoradh air sin go bhfuil Airteagal 102 CFAE infheidhme maidir le cás den sórt sin. D'fhéadfadh cleachtais phraghsála eagraíochta comhbhainistíochta a bhfuil monaplacht aici ina Ballstát agus a bhainistíonn an eagraíocht sin difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, chomh maith le cearta sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh den Stát sin iad, cearta sealbhóirí cirt eachtracha freisin (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunicēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība*, C-177/16, EU:C:2017:689, míreanna 28 agus 29).

49 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gceathrú ceist nach mór pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar údarás iomaíochta a léiriú go bhfuil cleachtas mí-úsáideach in ann difear suntasach a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. I gcás ina n-aicmítear cleachtas praghsála eagraíochta comhbhainistíochta mar chleachtas mí-úsáideach, is leor, chun a léiriú gur dócha go ndéanfaidh an cleachtas mí-úsáideach sin difear suntasach don trádáil idir Ballstáit, a shuíomh go mbainistíonn an eagraíocht chomhbhainistíochta sin ní hamháin cearta sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh iad den Bhallstát ina bhfuil monaplacht aici, ach cearta sealbhóirí cirt ó Bhallstáit eile freisin.

Costais

50 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Ní mór pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an fíoras nach gcuireann eagraíocht chomhbhainistíochta cóipchirt ráta áitíochta na n-óstán san áireamh chun na táillí is iníoctha a ríomh mar mhalairt ar cheadúnas a dheonú, do na bunaíochtaí sin, chun saothair atá faoi chosaint cóipchirt a chur ar fáil, ag brath ar na himthosca ábhartha go léir, cur le cinneadh go bhfuil mí-úsáid á baint as ceannasacht arb é atá inti praghsanna éagóracha a chur i bhfeidhm, faoi réir a fháil amach an bhfuil leibhéal na dtáillí sin iomarcach i ndáil le cineál agus scála úsáide na saothar, agus leis an luach eacnamaíoch a ghintear leis an úsáid sin.

2. Ní mór pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go bhfuil bunús leordhóthanach le cinneadh go bhfuil mí-úsáid ceannasachta ann i gcás ina suitear go bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith ag an gcleachtas atá i gceist ar struchtúr éifeachtach iomaíochta, gan é a bheith riachtanach a léiriú go bhféadfadh an cleachtas sin, ina theannta sin, dochar díreach a dhéanamh do thomhaltóirí.

3. Ní mór pointe (a) den dara mír d'Airteagal 102 CFAE a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar údarás iomaíochta a léiriú go bhfuil cleachtas mí-úsáideach in ann difear suntasach a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. I gcás ina n-aicmítear cleachtas praghsála de chuid eagraíocht chomhbhainistíochta cóipchirt mar chleachtas mí-úsáideach, is leor, chun a léiriú gur dócha go ndéanfaidh an cleachtas mí-úsáideach sin difear suntasach don trádáil idir na Ballstáit, a shuíomh go mbainistíonn an eagraíocht chomhbhainistíochta cóipchirt sin ní hamháin cearta sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh iad den Bhallstát ina bhfuil monaplacht aici, ach cearta sealbhóirí cirt ó Bhallstáit eile freisin.

[Sínithe]